Parlaimint na hEorpa
2024-2029

TÉACSANNA ARNA nGLACADH

P10_TA(2026)0237

Iarraidh ar dhíolúine Ilhan Kyuchyuk a tharscaoileadh

Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa an 7 Iúil 2026 ar an iarraidh ar dhíolúine Ilhan Kyuchyuk a tharscaoileadh (2026/2000(IMM))

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don iarraidh ar dhíolúine Ilhan Kyuchyuk a tharscaoileadh, arna tarchur ag an bPríomh-Ionchúisitheoir Eorpach an 24 Samhain 2025, i ndáil le fiosrúchán faoi Ilhan Kyuchyuk atá ar siúl, agus a fógraíodh i suí iomlánach an 15 Nollaig 2025,

– tar éis éisteacht a thabhairt do Ilhan Kyuchyuk an 3 Meitheamh 2026, i gcomhréir le Riail 9(6) dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint d'Airteagail 8 agus 9 de Phrótacal Uimh. 7 ar Phribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh agus d'Airteagal 6(2) d'Ionstraim an 20 Meán Fómhair 1976 maidir le toghadh Fheisirí Pharlaimint na hEorpa trí vótáil chomhchoiteann dhíreach,

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh[1], agus go háirithe Airteagal 29(2) de,

– ag féachaint do na breithiúnais a thug Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 21 Deireadh Fómhair 2008, an 19 Márta 2010, an

[1] OJ L 283, 31.10.2017, p. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/1939/oj.

6 Meán Fómhair 2011, an 17 Eanáir 2013 agus an 19 Nollaig 2019[2],

– ag féachaint d'Airteagal 70(1) de Bhunreacht Phoblacht na Bulgáiree,

– ag féachaint do Riail 5(2), do Riail 6(1) agus do Riail 9 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla (A10-0194/2026),

A. de bhrí, an 24 Samhain 2025, gur chuir an Príomh-Ionchúisitheoir Eorpach iarraidh isteach ar dhíolúine Ilhan Kyuchyuk, Feisire de Pharlaimint na hEorpa a toghadh sa Bhulgáir, a tharscaoileadh, i ndáil le himscrúdú leanúnach ar roinnt cionta coiriúla líomhnaithe a bhaineann le mí-úsáid chistí an Aontais;

B. de bhrí, de réir na hiarrata, gur líomhnaíodh in imscrúdú a rinne an tIonchúisitheoir Tarmligthe Eorpach sa Bhulgáir gur oibrigh cúntóirí áitiúla uile Ilhan Kyuchyuk in oifigí a bhí á mbainistiú ag páirtí polaitiúil náisiúnta, agus gur chlúdaigh an páirtí sin formhór na gcostas a bhain leis an obair agus gur líomhnaíodh nár íoc Ilhan Kyuchyuk ach a dtuarastail; de bhrí go líomhnaítear chomh maith go raibh róil phoiblí ag go leor cúntóirí áitiúla laistigh den pháirtí sin, a bhfuair siad luach saothair ar leithligh ina leith; de bhrí go mbaineann an t-imscrúdú le tréimhse breis is 10 mbliana;

C. de bhrí, de réir na hiarrata, go bhféadfadh na fíorais líomhnaithe a bheith ina gcionta coiriúla de chalaois neamhsholáthair – ráitis/doiciméid bhréagacha/neamhchearta/neamhiomlána – chomh maith le míleithreasú chistí an Aontais agus éilliú, cionta atá inphionóis faoi Airteagal 248a de Chód Coiriúil na Bulgáire; de bhrí go dtagraíonn an iarraidh chomh maith do 'rannpháirtíocht i ngníomhartha i gcoinne cheannasacht agus shlándáil an Aontais Eorpaigh';

D. de bhrí gur toghadh Ilhan Kyuchyuk chun Parlaimint na hEorpa sna toghcháin Eorpacha i mBealtaine 2014 agus gur atoghadh é i mBealtaine 2019 agus arís i Meitheamh 2024 agus, mar sin, go raibh sé ina Fheisire de Pharlaimint na hEorpa tráth an chiona

---

[2] Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 21 Deireadh Fómhair 2008, *Marra v De Gregorio agus Clemente,* C-200/07 agus C-201/07, ECLI:EU:C:2008:579; breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 19 Márta 2010, *Gollnisch v Parlaimint*, T-42/06, ECLI:EU:T:2010:102; breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 6 Meán Fómhair 2011, *Patriciello*, C-163/10, ECLI: AE:C:2011:543; breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 17 Eanáir 2013, *Gollnisch v an Pharlaimint*, T-346/11 agus T-347/11, ECLI:EU:T:2013:23; breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 19 Nollaig 2019, *Junqueras Vies*, C-502/19, ECLI:EU:C:2019:1115.

líomhnaithe;

E. de bhrí go bhforáiltear in Airteagal 8 de Phrótacal Uimh. 7 ar Phribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh nach bhfuil Feisirí Pharlaimint na hEorpa inchurtha faoi aon saghas fiosrúcháin, coinneála ná imeachtaí dlíthiúla i leith tuairimí a nocht siad nó vótaí a chaith siad ag comhlíonadh a ndualgas dóibh;

F. de bhrí nach ionann na cionta líomhnaithe, agus nach bhfuil baint ag an iarraidh ina dhiaidh sin ar dhíolúine Ilhan Kyuchyuk a tharscaoileadh, le tuairim a thug sé ná le vóta a chaith sé i gcomhlíonadh a dhualgas de réir bhrí Airteagal 8 de Phrótacal Uimh. 7 ar Phribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh;

G. de bhrí go bhforáiltear le hAirteagal 9, an chéad mhír, pointe (a), de Phrótacal Uimh. 7 ar Phribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh, le linn sheisiúin Pharlaimint na hEorpa, go dteachtfaidh a Feisirí, i gcríoch a mBallstáit féin, na díolúintí a thugtar do chomhaltaí pharlaimint a mBallstáit féin;

H. de bhrí go bhforáiltear le hAirteagal 70(1) de Bhunreacht Phoblacht na Bulgáire go mbeidh ‘comhalta den Tionól Náisiúnta díolmhaithe ó choimeád nó ó ionchúiseamh coiriúil ach amháin i gcás cion coiriúil a dhéanamh, agus sa chás sin beidh gá le cead ón Tionól Náisiúnta nó, idir a sheisiún, ó Chathaoirleach an Tionóil Náisiúnta.’;

I. de bhrí gurb é is cuspóir don díolúine dá bhforáiltear i bPrótacal Uimh. 7 ar Phribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh an Pharlaimint agus a Feisirí a chosaint ar imeachtaí dlíthiúla i ndáil le gníomhaíochtaí a dhéantar i gcomhlíonadh dualgas parlaiminteach agus nach féidir a scaradh ó na dualgais sin;

J. de bhrí, i gcomhréir le Riail 5(2) dá Rialacha Nós Imeachta, nach pribhléid phearsanta í díolúine pharlaiminteach d’fheisire, ach gur ráthaíocht í ar neamhspleáchas na Parlaiminte ina hiomláine agus a Feisirí;

K. de bhrí nach féidir le Parlaimint na hEorpa ról cúirte a ghlacadh uirthi féin, agus nach féidir, i nós imeachta um dhíolúine a tharscaoileadh, Feisire a mheas mar chosantóir[3];

L. de bhrí go bhfuil an Príomh-Ionchúisitheoir Eorpach tar éis an iarraidh ar tharscaoileadh díolúine a chur isteach tar éis don Ionchúisitheoir Tarmligthe Eorpach imscrúdú a dhéanamh sa Bhulgáir; de bhrí gurb eol don phobal gur cuireadh Ionchúisitheoir Eorpach na Bulgáire ar fionraí go sealadach i Márta 2025, go dtí go ndéanfar imscrúdú ar mhí-iompar féideartha, agus de bhrí, i bhFeabhra 2026 gur chinn Coláiste Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí

---

[3] Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 30 Aibreán 2019, *Briois v Parlaimint*, T-214/18, ECLI:EU:T:2019:266;

Eorpaigh go raibh Ionchúisitheoir Eorpach na Bulgáire ciontach i mí-iompar tromchúiseach; de bhrí, mar atá tugtha faoi deara san iarraidh ar dhíolúine a tharscaoileadh, go bhfuil Ilhan Kyuchyuk ina chomhalta de Ghluaiseacht an pháirtí pholaitiúil Bhulgáraigh um Chearta agus Saoirsí; de bhrí go ndealraíonn sé gur tháinig Ilhan Kyuchyuk faoi ionsaí sa Bhulgáir ag freasúra polaitiúil laistigh den pháirtí sin i ndáil le staid sa pháirtí sin, rud a cháin Ilhan Kyuchyuk go poiblí chomh maith; de bhrí gur cosúil go ndearnadh líomhaintí agus ionsaithe gan bhunús ar Ilhan Kyuchyuk sa Bhulgáir tráth a moladh é chun bheith ina Chathaoirleach ar Choiste um Ghnóthaí Dlíthiúla Pharlaimint na hEorpa; de bhrí gur cosúil gur nochtadh é do sheiceálacha frith-éillithe a bhí thar a bheith díréireach sa Bhulgáir ach nár aimsíodh aon éagóir riamh;

M. de bhrí go gcruthaíonn an t-amhras tromaí a bhaineann leis an iarraidh ar dhíolúine a tharscaoileadh a cuireadh in iúl tar éis an chinnidh go raibh mí-iompar tromaí ann ó Ionchúisitheoir Eorpach na Bulgáire – ar faoina mhaoirseacht a rinneadh an t-imscrúdú ba chúis leis an iarraidh ar tharscaoileadh díolúine – mar aon leis an gcomhthéacs ina ndearnadh í, easpa shuntasach bheachtais na bhfíoras atá faoi imscrúdú agus na cionta coiriúla líomhnaithe mar a chuirtear i láthair san iarraidh iad, a bhfuil tionchar díréireach ar chlú ag gabháil leo, sraith tásc tromaí agus oibiachtúil go bhféadfadh sé gur tionscnaíodh an t-imscrúdú leis an spreagadh chun Ilhan Kyuchyuk a chur i mbaol d’aon ghnó;

N. de bhrí go ndealraíonn sé, mar sin, sa chás seo, gur féidir glacadh leis go bhfuil *fumus persecutionis* ann, i.e. gurb é an rún is bun leis na himeachtaí dlíthiúla dochar a dhéanamh do ghníomhaíocht pholaitiúil Ilhan Kyuchyuk ina cháil mar Fheisire de Pharlaimint na hEorpa agus, mar sin, do neamhspleáchas na Parlaiminte;

1. á chinneadh gan díolúine Ilhan Kyuchyuk a tharscaoileadh;

2. á threorú dá hUachtarán an cinneadh seo agus tuarascáil a coiste a chur ar aghaidh láithreach chun Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh agus chun Ilhan Kyuchyuk.